



An Bhruiséil, 24 Samhain 2020
(OR. en)

13083/1/20
REV 1

LIMITE

COSI 218	CATS 92
ENFOPOL 316	DROIPEN 103
ENFOCUSTOM 131	COPEN 331
IXIM 124	COPS 407
CT 107	HYBRID 37
CRIMORG 110	DISINFO 39
CYBER 241	DIGIT 128
CORDROGUE 70	JAI 1001

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	12862/20
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSlándáil Inmheánach agus maidir leis an gComhpháirtíocht Eorpach Póilíní

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSlándáil Inmheánach agus maidir leis an gComhpháirtíocht Eorpach Póilíní.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an tSlándáil Inmheánach agus maidir leis an gComhpháirtíocht Eorpach Póilíní

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN MÉID A LEANAS:

1. MEABHRAÍTEAR DI an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí (2015-2020) agus CUIREANN SÍ lena bhfuil bainte amach ag an Straitéis sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *the EU Security Union Strategy* [Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála]¹ ina leagtar amach gníomhaíochtaí sonracha arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí straitéiseacha sa saol digiteach agus sa saol fisiciúil araon agus sa ghné inmheánach agus sa ghné sheachtrach ar bhealach comhtháite don tréimhse 2021 – 2025, agus ag cur, ag an am céanna, leis an obair a rinne an Chomhairle roimhe seo², agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá tuarascálacha an Aontais Slándála mar uirlis chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun bearnaí agus bagairtí atá ag teacht chun cinn a mheas.
2. TARRAINGNÍONN SÍ AIRD AR an dul chun cinn suntasach atá déanta leis na deicheanna de bhlianta anuas maidir le comhar i réimse na slándála inmheánaí ar fud an Aontais agus gur mórchéimeanna iad an prionsabal maidir le hinfhaighteacht faisnéise le haghaidh malartú sonraí, mar atá leagtha síos cheana féin i gClár na Háige, feabhsú na reachtaíochta agus na n-uirlisí chun faisnéis a roinnt, agus bunú comhchaighdeán cosanta sonraí, mórchéimeanna chun comhar a chothú idir údarais Eorpacha forfheidhmithe dlí.
3. IS DÍOL SÁSAIMH DI clár na foirne trí Uachtaránacht (DE-PT-SI) agus an comhordú atá ar bun aici i dtaobh tionscnaimh nua lena bhfeabhsaítear an tslándáil inmheánach agus a bhaineann le Straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hAontas Slándála.
4. MEABHRAÍTEAR DI gur chuir an fhoireann trí Uachtaránacht roimhe seo an díospóireacht maidir le todhchaí bheartas slándála inmheánaí an Aontais Eorpaigh go mór chun cinn, agus gur leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé acmhainní a chomhtháthú, taithí agus saineolas a roinnt, agus feabhas a chur ar chomhordú na póilíneachta fud fad an Aontais Eorpaigh d'fhonn freagairt do dhúshláin slándála atá ag teacht chun cinn agus chun leas a bhaint as acmhainneacht na bhforbairtí teicneolaíochta.

¹ 10010/20.

² *Future of internal security debates* [Todhchaí na ndíospóireachtaí maidir leis an tslándáil inmheánach] (Tuarascáil ón Uachtaránacht maidir le toradh an phlé, 14297/19)

5. AITHNÍONN SÍ an plé a rinneadh le déanaí sa Chomhairle CGB³, a thugann ugach an athuair Comhpháirtíocht Eorpach Póilíní a fhorbairt chun treisiú leis an gcomhar atá ann cheana féin.
6. AONTAÍONN SÍ go háirithe gur cheart, i gcás comhpháirtíocht threisithe Eorpach i dtaca leis an tslándáil inmheánach, gur cheart gach faisnéis atá riachtanach a chur ar fáil d'oifigeach ar bith forfheidhmithe dlí i mBallstát ar bith, ó aon Bhallstát eile, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.
7. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an prionsabal maidir le hinfhaighteacht faisnéise agus ATHDHEIMHNÍONN SÍ cé gur fusa anois leis an gcreat comhchoiteann Eorpach um chosaint sonraí agus le hionstraimí éagsúla dlíthiúla agus teicniúla eile an fhaisnéis atá ann a nascadh le chéile, go bhfeadfaí tuilleadh feabhais fós a chur ar an nascadh sin.
8. AONTAÍONN SÍ go gcaithfear feabhas a chur seasta ar bhainistiú faisnéise agus an leas is fearr is féidir a bhaint as na hionstraimí agus as na comhaontuithe atá ann faoi láthair maidir le malartú faisnéise má táthar le Comhpháirtíocht threisithe Eorpach a chur i bhfeidhm i dtaca leis an tslándáil inmheánach.
9. CUIREANN SÍ I dTREIS, a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an tslándáil inmheánach, go n-éilítear réitigh agus modhanna cur chuige iomchuí nua i gcás na n-údarás slándála, a bhuí leis an dul chun cinn teicniúil agus leis an gclachlú digiteach.
10. CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfear a áirithiú i gcónaí go ndéanfar cearta bunúsacha agus an smacht reachta a urramú go hiomlán i ngach uile ghníomhaíocht a bhaineann leis na Conclúidí seo, ar líne agus as líne araon.
11. ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go bhfanfadh an tslándáil náisiúnta ina freagracht ar gach Ballstát faoi leith agus air siúd amháin, i gcomhréir le hAirteagal 4(2) CAE.
12. CÁINEANN SÍ na hionsaithe gránna sceimhlitheoireachta a rinneadh san Ostair, sa Ghearmáin agus sa Fhrainc le déanaí. Ba ionsaí ar luachanna na hEorpa, ar chearta bunúsacha agus, i ndeireadh na dála, ar an modh maireachtála atá againn na hionsaithe sin. Lenár gcomhpháirtíocht Eorpach maidir leis an tslándáil inmheánach, áiritheofar comhar éifeachtach oibríochtúil agus imscrúdú éifeachtach trasteorann, agus freisin a mhéid a bhaineann leis an antoisceachas foréigineach agus leis an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac, beag beann ar cé as a d'eascair sé.

³ WK 10468/2020

I. Garspriocanna i dtaobh comhpháirtíocht éifeachtach Eorpach a bhunú maidir leis an tslándáil inmheánach (2020 – 2025)

I bhfianaise an mhéid sin, déanann AN CHOMHAIRLE na nithe a leanas:

13. ATHDHEARBHAÍONN SÍ na tosaíochtaí polaitiúla seo a leanas do na blianta amach romhainn agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart na garspriocanna sin a bhaint amach trí ghníomhaíocht chomhpháirteach ón bParlaimint, ón gCoimisiún, ó na Ballstáit agus ó ghníomhaireachtaí ábhartha CGB idir seo agus 2025 chun tacú le feidhmiú an limistéir saoirse, slándála agus ceartais agus chun comhpháirtíocht éifeachtach Eorpach a bhunú maidir leis an tslándáil inmheánach:
- gur cheart gach faisnéis atá riachtanach a chur ar fáil d'oifigeach ar bith forfheidhmithe dlí i mBallstát ar bith, ó aon Bhallstát eile, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.
 - Tá réitigh theicniúla curtha chun feidhme ag an Aontas agus ag na Ballstáit ionas go bhféadfaidh na húdaráis forfheidhmithe dlí cumarsáid a dhéanamh le chéile ar bhealach slán, rúnda.
 - Is cleachtas caighdeánach é leas iomlán a bhaint as na hionstraimí le haghaidh foláireamh uile-Aontais i gcás gníomhartha coiriúla, e.g. foláirimh Chóras Faisnéise Schengen maidir le daoine nó ábhair.
 - Cuireann an creat comhchoiteann um chosaint sonraí agus an iliomad ionstraimí dlíthiúla agus teicniúla atá againn ar ár gcumas an fhaisnéis atá againn cheana a nascadh ar bhealach níos fearr. Is dlúithe fós a chloíonn ailtireacht faisnéise an Aontais Eorpaigh le prionsabal na hinfhaighteachta. Déantar creat Prüm a athbhreithniú agus a nuashonrú, nuair is iomchuí.
 - Bunaítear *acquis* nua-aimseartha uasghrádaithe maidir le comhar póilíneachta trasteorann d'fhonn, mar shampla, cumhachtaí leordhóthanacha a chur ar fáil i gcás faireachas trasteorann agus tóir thrasteorann.
 - Tá ar chumas údaráis forfheidhmithe dlí leas a bhaint as teicneolaíochtaí intleachta saorga ina gcuid oibre ó lá go lá, faoi réir coimircí soiléire.
 - Tá ar chumas údaráis forfheidhmithe dlí sna Ballstáit agus ar chumas Europol oibriú ar bhealach níos déine agus faisnéis a roinnt le tríú tíortha.

- Tá gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí in ann oibriú le comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha ar fud an domhain, faoi réir creat soiléir maidir le coimircí, agus go háirithe tá rochtain acu ar an bhfaisnéis is gá chun an choireacht thromchúiseach, an t-antaisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht a bhaineann leas as an idirlíon a chomhrac.

II. Gníomh don todhchaí

1. An comhar Eorpach i bhforfheidhmiú an dlí a neartú

14. ADMHAÍONN SÍ gur gá an ghné Eorpach den chomhar i bhforfheidhmiú an dlí a neartú. Tríd is tríd, bíonn gá le feachtas níos fearr ar riachtanais faisnéise chomhpháirtithe na hEorpa i ngnáthaimh laethúla oibre. Aon uair a bhíonn foláireamh náisiúnta ann, ba cheart go mbeadh foláirimh uile-Aontais i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) ina gcleachtas caighdeánach i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme.
15. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé léirithe le paidéim COVID-19 an tábhacht a bhaineann le bealaí slána cumarsáide. Dá bhrí sin, tathantaíonn an Chomhairle ar na Ballstáit, ar ghníomhaireachtaí CGB an Aontais agus ar an gCoimisiún, agus ag an am céanna, ag cur leis na sásraí agus leis na líonraí atá ann cheana (amhail SIENA), réitigh theicniúla a fhorbairt a thuilleadh do chumarsáid shlán agus rúnda idir údarais forfheidhmithe dlí an Aontais.
16. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur bunchlocha d'ailtireacht slándála na hEorpa iad gníomhaireachtaí CGB an Aontais, e.g. Europol, Frontex, eu-LISA, Eurojust agus CEPOL, agus dá bhrí sin ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sé fíor-riachtanach an cistiú agus an fhoireann iomchuí a chur ar fáil do na gníomhaireachtaí sin. Ina theannta sin, is comhpháirtithe bunriachtanacha iad eagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta, amhail Interpol, ó thaobh shlándáil an Aontais de.
17. CUIREANN SÍ I dTREIS an príomhról atá ag Europol agus an treo a bheidh aige amach anseo, mar a luaitear sa Rún ón gComhairle maidir le Todhchaí Europol an 9 Samhain 2020⁴.

⁴ 12463/20.

18. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil cur chun feidhme Rialachán nua Frontex i gcoitinne agus imscaradh Bhuanchór Frontex ríthábhachtach chun an comhar i bhforfheidhmiú an dlí a fhorbairt a thuilleadh laistigh de thimpeallacht slándála na hEorpa, agus ar an gcaoi sin TATHANTAÍONN SÍ ar Frontex agus ar na Ballstáit a gcion ceangailteach ó thaobh an dlí de a chomhlíonadh.
19. IARRANN SÍ ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na hionstraimí atá ann cheana chun faisnéis a roinnt, e.g. SIS, Europol, chomh maith le bunachair sonraí Interpol, agus bacainní ar a gcur chun feidhme éifeachtúil a bhaint.
20. IARRANN SÍ ar na Ballstáit uile leas a bhaint as na hionstraimí atá ann cheana chun lánacmhainneacht a bhaint astu agus malartú faisnéise ábhartha den chaighdeán is airde is féidir a chur chun cinn. Ní mór do na Ballstáit, in éineacht leis na gníomhaireachtaí freagracha de chuid an Aontais, eu-LISA, Europol agus Frontex, den chuid is mó, an creat dlíthiúil a glacadh le haghaidh ailtireacht faisnéise athbhreithnithe CGB a chur chun feidhme go pras chun idir-inoibritheacht chórais faisnéise an Aontais a bhaint amach le haghaidh teorainneacha, imirce agus slándála.
21. IARRANN SÍ go ndéanfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chun creat Prüm a fhorbairt a thuilleadh. D'fhéadfaí breathnú sa chomhthéacs sin ar an bhféidearthacht catagóirí eile faisnéise a shíneadh/a thabhairt isteach, e.g. Córas Eorpach Innéacs de Thaifid na bPóilíní (EPRIS).
22. TAGRAÍONN SÍ do na conclúidí maidir le feabhas a chur ar an gcomhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí in Iarscríbhinn 1 agus TARRAINGNÍONN SÍ AIRD AR a thábhachtaí atá sé comhar níos éifeachtaí a bhunú i bhforfheidhmiú an dlí idir na Ballstáit agus a ngníomhaireachtaí faoi seach, go háirithe feadh na limistéar trasteorann.
23. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá ann gach beart riachtanach a dhéanamh chun an comhar oibríochtúil trasteorann a neartú a thuilleadh trí na hionstraimí atá ann cheana a chur chun feidhme go héifeachtach agus, i gcás inarb iomchuí, trí na fondúireachtaí dlíthiúla a fheabhsú, a chomhdhlúthú agus a shimpliú chun an tAontas Eorpach a choinneáil sábháilte, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS luach agus rath an chomhair áitiúil, réigiúnaigh agus dhéthaobhaigh nó thréthaobhaigh i bhforfheidhmiú an dlí.

2. An todhchaí a mhúnlú agus fanacht gob ar gob le dul chun cinn teicneolaíoch

24. AITHNÍONN SÍ, cé go bhfuil mórtionchar ag an gclaochlú digiteach agus ag úsáid teicneolaíochtaí nua, go háirithe an intleacht shaorga (IS) ar gach gné de shaol an duine, cuirtear feabhas ar ár gcumas na luachanna coiteanna inár sochaithe a chosaint. Leis an úsáid a bhaineann údaráis forfheidhmithe dlí as IS, d'fhéadfaí soláthar slándála agus cosc, imscrúdú agus ionchúiseamh coireachta a éascú agus a fheabhsú ar fud an Aontais. Le huirlisí digiteacha, is féidir bailiú fianaise a éascú trí thacair shonraí agus faisnéis a struchtúru níos fearr, patrúin a aimsiú, naisc a bhrath, íospartaigh agus déantóirí an chiona agus suíomh an chiona a shainaithint agus dlús a chur le láimhseáil tascanna caighdeánaithe agus aonfhoirmeacha agus í a uathoibriú, agus cuidiú le hanailís a dhéanamh ar threochtaí agus ar rioscaí agus ar bhagairtí chun gníomhaíochtaí coiriúla a chosc, rud a mhéadóidh luas agus éifeachtacht fhorfheidhmiú an dlí. Ag an am céanna, le húsáid na n-uirlisí sin, laghdófar na costais agus d'fhéadfaí teorainn a chur leis an tionchar diúltach síceolaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag ábhar strusmhar, amhail íomhánna de mhí-úsáid ghnéasach nó de fhuathchoireacht, ar phearsanra forfheidhmithe dlí.
25. CUIREANN SÍ I bhFÍOS GO LÁIDIR gur dócha go gcuideoidh úsáid IS le patrúin agus *modi operandi* nua, nach rabhthas ar an eolas fúthu roimhe seo, a shainaithint, go háirithe i réimsí na sceimhlitheoireachta, na cibearchoireachta, na mí-úsáide gnéasaí leanaí, na gáinneála ar dhaoine, na coireachta a bhaineann le drugaí agus na coireachta eacnamaíche. Dá bhrí sin, ba cheart d'fhorfheidhmiú an dlí sna Ballstáit leas a bhaint as IS chun feabhas a chur ar chosc agus ar imscrúdú a éascú, chomh maith le híospartaigh na gcoireanna sin a chosaint.
26. ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach mór dearadh, forbairt, úsáid agus meastóireacht IS don tslándáil inmheánach a threorú agus a ailíniú le cearta bunúsacha agus cosaint sonraí. I gcás IS atá in úsáid ag forfheidhmiú an dlí, tagann ceanglais shonracha maidir le cearta bunúsacha chun cinn i ndáil leis an bhforbairt agus na coinníollacha a bhaineann le himscaradh. A mhéid a mbeidh na córais sin le húsáid, tá gá le coimircí iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar forbairt atá freagrach, iontaofa, dírithe ar leas an phobail agus atá dírithe ar an duine, agus go n-úsáidfear feidhmchláir IS in earnáil fhorfheidhmiú an dlí. Ní mór d'úsáideoirí tuiscint leordhóthanach a bheith acu ar an gcaoi ar forbraíodh uirlisí IS agus ar an gcaoi a bhfeidhmíonn siad, ní mór dóibh a bheith in ann na torthaí a mhíniú agus a léiriú agus ní mór eolas soiléir a bheith acu ar an tionchar a bhíonn acu ar dhaoine aonair, ar mhionlaigh agus ar an tsochaí ina hiomláine.

27. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuideofar le huirlisí atá bunaithe ar IS a fhorbairt le haghaidh na slándála inmheánaí, i gcomhréir le cearta bunúsacha, coimircí agus rialacha cosanta sonraí, má bhíonn tacair shonraí fhorleathana ar ardcháilíocht ar fáil. Tá sé sin bunriachtanach chun torthaí neamhchlaonta, inmhínithe a ráthú, ar cheart dóibh a bheith faoi réir mhaoirseacht an duine i rith shaolré IS agus ní mór an toradh a bheith faoi réir cinneadh a dhéanann duine.
28. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé riachtanach go háirithe d'fhorfheidhmiú an dlí oiliúint chuimsitheach a fháil chun go mbeifear in ann leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear IS.
29. IARRANN SÍ ar Europol an taithí agus na measúnuithe arna mbailiú ag forfheidhmiú an dlí sna Ballstáit a chomhthiomsú agus a roinnt chun malartú cleachtas ábhartha a éascú.
30. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún deireadh a chur le bacainní dlíthiúla maidir le sonraí a roinnt agus a chomhthiomsú i measc na mBallstát chun críocha nuálaíochta, go háirithe i ndáil le halgartaim a oiliúint, a thástáil agus a bhailíochtú agus CUIREANN SÍ I dTREIS
- an ról atá ag Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach in Europol sa chomhthéacs sin.
31. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún go gcuirfear chun cinn grúpa daoine tréitheacha in IS agus forbairt deiseanna oiliúna sa litearthacht dhigiteach agus scileanna i bhforfheidhmiú an dlí a éascú, e.g. trí oiliúint spriocdhírithe CEPOL a mhaoiniú.
32. AITHNÍONN SÍ go mbaineann bagairtí hibrídeacha le beagnach gach earnáil beartais agus go dtéann siad níos faide ná na gnéithe traidisiúnta den bheartas slándála. Dá bhrí sin, tá gá le comhordú cuimsitheach idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit agus cur chuige réamhghníomhach chun cur i gcoinne bagairtí hibrídeacha.

33. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá rochtain dhleathach ar shonraí agus ar fhianaise a áirithiú i gcumarsáid leictreonach agus i gcórais dhigiteacha chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus chun críocha breithiúnacha dá dtagraítear i Straitéis an Aontais Slándála agus mar a bhí léirithe ag an gComhairle Eorpach⁵ agus CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé bunriachtanach, go neamhspleách ar thimpeallacht theicneolaíoch an lae, go gcaomhnófar cumas na n-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás breithiúnach a gcumhachtaí a fheidhmiú, mar a fhorordaítear agus mar a údaraítear leis an dlí, ar líne agus as líne araon.
34. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil muinín sa digiteáil ag baint leis an gcriptiú agus gur cheart é a chur chun cinn agus a fhorbairt. Is bealach é an criptiú chun príobháideacht a chosaint mar aon le slándáil dhigiteach na rialtas, na tionsclaíochta agus na sochaí. Ag an am céanna, agus i gcomhréir leis na cearta agus saoirsí bunúsacha, ní mór cumas na n-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás breithiúnach a gcumhachtaí dleathacha a fheidhmiú, ar líne agus as líne, lena gcosnófar ár sochaithe agus ár saoránach araon a áirithiú. Mar a luaitear sa Rún ón gComhairle maidir le criptiú⁶, ní mór cothromaíocht chúramach a bheith idir na leasanna sin in aon ghníomhaíocht a dhéantar. Ba cheart réitigh theicniúla agus oibríochtúla a fhorbairt i ndlúthchomhairle le soláthraithe seirbhíse, le geallsealbhóirí ábhartha eile agus le húdaráis inniúla ábhartha eile i gcreat rialála atá bunaithe ar phrionsabail na dlíthiúlachta, an riachtanais agus na comhréireachta, cé nár cheart aon réiteach teicniúil forordaithe amháin a bheith ann chun rochtain ar shonraí criptithe a chur ar fáil.
35. MEABHRAÍTEAR DI an gá atá le creat cothrom le haghaidh sonraí a choinneáil, lena gceadaítear go héifeachtach rochtain ar an bhfaisnéis is gá chun an choireacht thromchúiseach a chomhrac, agus cearta agus saoirsí bunúsacha á n-urramú go hiomlán ag an am céanna, chomh maith le reachtaíocht a ghlacadh go pras maidir le rochtain ar fhianaise leictreonach trasteorann.

⁵ EUCO 13/20, an 1-2 Deireadh Fómhair 2020

⁶ 13084/1/20 REV 1

3. Dúshláin dhomhanda agus an comhar idirnáisiúnta i réimse na slándála

36. DAINGNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann leis an nasc atá idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach agus an ról a bhíonn ag na gníomhaithe seachtracha agus CGB, lena n-áirítear gníomhaireachtaí ábhartha CGB sa chomhthéacs sin.
37. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór an comhar agus an chomhroinnt faisnéise a neartú le tríú tíortha faoi choimircí iomchuí, i réimse fhorfheidhmiú an dlí, ós rud é go bhfuil dlúthnasc idir an comhar sin agus leasanna slándála an Aontais i gcoitinne.
38. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór comhpháirtíocht an Aontais maidir le slándáil agus bainistiú teorainneacha a chur chun cinn a thuilleadh trí níos mó den chomhar oibríochtúil a dhéanamh idir Frontex agus tríú tíortha agus TACAÍONN SÍ le tionscnaimh dhéthaobhacha agus iltaobhacha na mBallstát darb aidhm an comhordú oibríochtúil le tríú tíortha a fheabhsú.
39. MEABHRAÍTEAR DI nach mór na comhaontuithe stádais atá ann faoi láthair a chur in oiriúint don Rialachán nua maidir le Frontex. Ba cheart aon chomhaontuithe stádais atá fós ar feitheamh, go háirithe le iad siúd a bhaineann lenár gcomhpháirtithe sna Balcáin Thiar, a shíniú agus a thabhairt i bhfeidhm a luaithe is féidir. Ba cheart don Choimisiún, i ndlúthchomhar le gach gníomhaí lena lena mbaineann, measúnú a dhéanamh ar athneartú an chomhair oibríochtúil i réimse na slándála inmheánaí le tríú tíortha eile, bídís i gcomharsanacht an Aontais nó ná bíodh.
40. TARRAINGNÍONN SÍ AIRD AIR gur de dhlúth agus inneach an chomhphobail idirnáisiúnta iad na gníomhaireachtaí Eorpacha forfheidhmiú an dlí agus nach mór go mbeidís in ann comhar comhpháirteach níos dlúithe a dhéanamh le príomh-chomhpháirtithe na dtríú tíortha.
41. AITHNÍONN SÍ nach mór go mbeadh malartú éifeachtúil faisnéise ann le tríú tíortha agus le tríú páirtithe má táthar le slándáil inmheánach an Aontais a uasmhéadú agus na coimircí riachtanacha a áirithiú ag an am céanna.
42. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór go ndéanfaí comhordú níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ar na bearta a ghlacfaidh institiúidí, comhlachtaí, agus gníomhaithe ábhartha de chuid an Aontais atá gníomhach i dtríú tíortha trí bhíthin gníomhaíocht choiteann i réimse na hanailise slándála, na dtreoirthionscadal agus i ngníomhaíochtaí gaolmhara.

43. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an comhar idir gníomhaithe CGB agus oibríochtaí CBSC a fhorbairt a thuilleadh, mar a leagtar amach i gComhshocrú Sibhialtach CBSC, agus TATHANTAÍONN SÍ go ngluaisfí ar aghaidh le cur chun feidhme na mionchoincheap (mar a thugtar orthu) lena sainítear an comhar sin, ionas breisluach a thabhairt do na tríú tíortha agus don Aontas Eorpach gona Bhallstáit.

4. Comhrac na coireachta eagraithe trasnáisiúnta

44. MEABHRAÍTEAR DI an díobháil mhór eacnamaíoch agus phearsanta a eascraíonn as an gcoireacht eagraithe. Ós rud é gur go trasteorainneach a bhíonn na grúpaí coireachta eagraithe ag feidhmiú níos mó agus níos mó, tá sé ríthábhachtach go n-uasmhéadófaí an comhar oibríochtúil, an úsáid a bhaintear as a bhfuil ar fáil de chórais faisnéise agus de chórais malartaithe faisnéise fud fad an Aontais, i dtríú tíortha, agus san áit a bhfuil ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta lonnaithe. TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE go bhfuil rún ag an gCoimisiún teachtaireacht a thíolacadh maidir le Clár Oibre de chuid an Aontais um ghleic na coireachta eagraithe (2021-2025).
45. CUIREANN SÍ I dTREIS gurb ionann timthriall beartais an Aontais don choireacht idirnáisiúnta eagraithe agus thromchúiseach/EMPACT agus modheolaíocht atá bunaithe ar an bhfaisnéis choiriúil ag na húdaráis chun gur féidir leo dul i ngleic go comhpháirteach leis na bagairtí coiriúla is tromchúisí a ghoilleann ar an Aontas. Is é timthriall beartais an Aontais/EMPACT is príomhionstraim anois agus feasta chun an choireacht thromchúiseach idirnáisiúnta agus eagraithe a chomhrac. Baineann an-acmhainneacht le digiteáil fhorleathan na nósanna imeachta mar chuid de thimthriall beartais an Aontais/EMPACT, go háirithe i ndáil le comhardán a fhorbairt do gheallsealbhóirí EMPACT (Malartú agus Tuarascáil EMPACT (XR)).
46. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór na hiarrachtaí atá ar bun i gcoinne na coireachta comhshaoil a neartú, agus tógáil ar thorthaí na tosaíochta Envicrime laistigh de EMPACT (2018-2021) agus i bhfianaise thoradh an 8ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha na coireachta comhshaoil⁷.
47. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus údar imní aici, an fhorbairt atá ag teacht ar mhargaí drugaí na hEorpa le blianta beaga anuas. Is de phríomhthréithe an scéil sin go mbíonn cineálacha éagsúla drugaí ar fáil, urghabhálacha níos mó ná riamh ag tarlú, brabúis ollmhóra á ndéanamh, agus méadú tagtha ar úsáid an fhoréigin agus an imeaglaithe. Is fada an teacht aniar i margaí na ndrugáí, agus sna grúpaí coiriúla eagraithe a ghabhann leo, rud a chonacthas fiú le linn phaindéim dhomhanda COVID-19.

⁷ 14065/19

48. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le Straitéis Drugaí de chuid an Aontais, straitéis atreistithe do 2021-2025 chun freagraí inbhuanaithe a thabhairt ar na forbairtí sin. Ba cheart do Straitéis Drugaí an Aontais cloí le cur chuige cothrom fianaisebhunaithe, comhtháite, ildisciplíneach maidir le dul i ngleic le gach gné d'fheiniméan na ndrugaí ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais, agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Cuirtear i dtreis ról an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) agus ról Europol sa chomhthéacs sin.
49. MEABHRAÍTEAR DI go léiríonn paindéim COVID-19 a thábhachtaí atá an comhrac i gcoinne leigheasra góchumtha nó feistí cosanta agus an chontúirt a bhaineann leo.
50. IS DÍOL SÁSAIMH DI straitéis an Choimisiúin i dtaca le comhrac níos éifeachtaí i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí, ar líne agus as líne araon. CUIREANN SÍ I dTREIS gur dúshlán comhroinnte é mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc agus a chomhrac, go háirithe ó tá méadú tagtha ar an gcoiriúlacht ar líne le linn phaindéim COVID-19, rud a éilíonn cur chuige comhpháirteach, comhordaithe agus il-gheallsealbhóra ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda.
51. IARRANN sí ar na Ballstáit snáth oibre uile na straitéise a chur chun feidhme. I gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2019 maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac, ATHDHEARBHAÍONN an Chomhairle an gealltanais atá tugtha ag an Aontas agus ag na Ballstáit cearta bunúsacha leanaí agus cearta íospartach na coireachta a chosaint, agus mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac beag beann ar shuíomh fisiciúil nó náisiúntacht na leanaí.
52. CUIREANN SÍ I dTREIS gur ardtosaíocht i gcónaí é comhrac na gáinneála ar airm thine agus IS DÍOL SÁSAIMH DI plean gníomhaíochta an Aontais 2020-2025 maidir le gáinneáil ar airm thine. Ba cheart aird a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh le déanaí sa réimse sin, lena n-áirítear an obair a rinneadh faoi EMPACT Arm Tine agus faoin bplean gníomhaíochta maidir le gáinneáil aindleathach ar airm tine idir an tAontas agus Oirdheisceart na hEorpa do 2015-2019. Chun gáinneáil aindleathach ar arm tine a chomhrac, ní mór faisnéis thrasnáisiúnta a mhalartú ar bhealach níos fearr, e.g. trí fhaisnéis faoi airm chaillte agus ghoidte a thabhairt isteach go córasach i gCóras Faisnéise Schengen (SIS).

53. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí uaithi an 5 Meitheamh 2020 maidir le feabhas a chur ar an gcomhar le comhpháirtithe na mBalcán Thiar, inar iarradh ar an gCoimisiún an Treochlár⁸ a glacadh ag Cruinniú Mullaigh na mBalcán Thiar i Londain an 10 Iúil 2018 a chomhtháthú i bplean gníomhaíochta nua an Aontais maidir le gáinneáil ar airm thine. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil spriocanna an phlean gníomhaíochta sin i gcomhréir leis na hiarrachtaí a rinneadh laistigh den Aontas agus de na Náisiúin Aontaithe (NA) chun gáinneáil Mionarm agus Armán Éadrom agus a n-armlón a chomhrac.
54. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar chomhpháirtithe na mBalcán Thiar leanúint de chur chun feidhme an Treochláir mar atá comhtháite i bplean gníomhaíochta an Aontais 2020-2025 maidir le gáinneáil ar airm thine agus i gcomhréir leis na cinntí ábhartha a ghlac an Chomhairle. Áirítear air sin nósanna imeachta ar éirigh leo go dtí seo agus an comhar rathúil le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa le rialú a dhéanamh ar mhionairm agus armáin éadroma (SEESAC).
55. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí, coiste stiúrtha a thionól ar a mbeidh na príomh-chomhpháirtithe a bhfuil lámh acu sa chur chun feidhme agus na deontóirí, agus é mar aidhm acu comhordú straitéiseach domhanda na ndeontóirí a áirithiú.
56. De bhrí go bhfuil creataí agus riachtanais dhlíthiúla éagsúla ann, ba cheart bailiú córasach sonraí coireachta agus sonraí ceartais choiriúil a chur in oiriúint do dhálaí gach Ballstáit. IARRANN an Chomhairle ar an gCoimisiún tuilleadh den phlé mionsonraithe a dhéanamh ar chur chun feidhme náisiúnta na bpríomhtháscairí feidhmíochta nua a bhaineann leis an bplean gníomhaíochta arm tine.
57. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór freisin, agus an choireacht thromchúiseach á comhrac go héifeachtúil, go mbeadh ann gealltanais coiteann ár ndua a threisiú maidir le sócmhainní choiriúla a urghabháil agus a choigistiú, agus gur cheart éifeachtúlacht na reachtaíochta Eorpaí ina leith sin a mheas.

⁸ Treochlár maidir le réiteach inbhuanaithe ar shealbhú, ar mhí-úsáid agus ar gháinneáil neamhdhleathach Mionarm agus Armán Éadrom (SALW) agus a n-armlón sna Balcáin Thiar faoi 2024.

58. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an comhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine agus i gcoinne smuigleáil imirceach; IS DÍOL SÁSAIMH DI, dá bhrí sin, go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún straitéis nua de chuid an Aontais a fhorbairt chun deireadh a chur leis an ngáinneáil ar dhaoine agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar phlean gníomhaíochta reatha an Aontais maidir le smuigleáil imirceach faoi chuimsiú Straitéis an Aontais Slándála. I dtaca leis an straitéis sin maidir le gáinneáil ar dhaoine, ba cheart aghaidh a thabhairt inti ar gach cineál dúshaothraithe, agus bearta a bheith inti chun gáinneáil ar dhaoine ar mhaithe le saothar nó teacht i dtír gnéasach a chosc agus a chomhrac, agus íospartaigh a shainaitheint agus a chosaint agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Ba cheart comhrac na gáinneála ar leanaí a choinneáil mar thosaíocht sa straitéis. Ba cheart foráil a dhéanamh sa straitéis don anailís ar fhorbairtí teicneolaíochta reatha gona n-éifeachtaí ar gháinneáil ar dhaoine, do bhailiú agus do mheastóireacht sonraí níos fearr laistigh de na sásraí reatha, agus do chomhar níos dlúithe le Comhairle na hEorpa agus le GRETA.

5. An sceimhlitheoireacht agus an t-antioisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac

59. MEABHRAÍTEAR DI nach beag ar baineadh amach le blianta beaga anuas chun comhar an Aontais a neartú i gcomhrac an antioisceachais fhoréignigh agus na sceimhlitheoireachta. Mar sin féin, tá an bhagairt sceimhlitheoireachta ar an Aontas Eorpach gona Bhallstáit fós ard mar is léir ó na hionsaithe a rinneadh le déanaí san Ostair, sa Fhrainc agus sa Ghearmáin. Baineann an bhagairt sin, a díreann ar ár sochaithe saora oscailte, le gach cineál antioisceachais fhoréignigh, lena n-áirítear an t-antioisceachas foréigneach reiligiúnach agus polaitiúil.
60. TATHANTAÍONN SÍ go nglacfaí gan mhoill an togra le haghaidh rialacháin maidir le cosc a chur ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne agus IARRANN SÍ ar na páirtithe uile dul i mbun caibidlíochta de mheon an chomhréitigh chun ardleibhéal uailmhéine a choinneáil ar bun i ndáil leis sin.

61. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an comhrac i gcoinne an fhuatha, an antoisceachais fhoréignigh agus na sceimhlitheoireachta ar an Idirlíon, go háirithe faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí IRU Europol.
62. Agus aird á tabhairt aici ar an bhfreagracht stairiúil atá ar an Eoraip cearta bunúsacha agus slándáil a saoránach Giúdach agus a bpobal Giúdach a chosaint, CUIREANN an Chomhairle I dTREIS a thábhachtaí atá an comhrac i gcoinne an fhrith-Sheimíteachais mar shaincheist thrasearnálach (ag tagairt don Dearbhú ón gComhairle maidir leis an gcomhrac i gcoinne an fhrith-Sheimíteachais a phríomhshruthú ar fud réimsí beartais éagsúla)⁹ agus TARRAINGNÍONN SÍ AIRD AIR ar an gcaoi gur cúis mhór inní í an tslándáil do shaoránaigh agus do phobail Ghiúdacha. TATHANTAÍONN an Chomhairle ar na Ballstáit díriú ar shlándáil na n-institiúidí Giúdacha, i ndlúthchomhar leis na pobail Ghiúdacha agus malartú na ndea-chleachtas agus comhar trasteorann sa réimse sin a éascú.
63. CUIREANN SÍ I bhFIOS GUR CÚIS IMNÍ DI grúpaí antoisceacha foréigneacha d'aon idé-eolaíocht atá ag iarraidh paindéim COVID-19 a úsáid chun a gcríoch féin, agus iad ag tógáil conspóide agus ag earcú ar líne agus as líne araon. CÁINEANN an Chomhairle GO GÉAR gach iarracht an bonn a bhaint den chomhtháthú sóisialta agus an foréigean a chur chun cinn agus CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór gach iarracht a dhéanamh, mar chuid de chur chuige cuimsitheach sochaí iomláine, tuilleadh radacaithe a chosc agus chun cur i gcoinne gach cineál antoisceachais fhoréignigh agus sceimhlitheoireachta. CÁINEANN an Chomhairle GO GÉAR gach cineál ciníochais, seineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe.
64. Dá bhrí sin, IARRANN an Chomhairle ar Europol leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar a bhfuil ag titim amach i ndáil leis sin, agus tacú le hiarrachtaí na mBallstát cur i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh agus na sceimhlitheoireachta a eascraíonn as an bpaindéim nó atá á iomadú mar gheall uirthi.
65. IARRANN SÍ ar na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí a neartú chun cosc a chur ar an radacú a mbíonn antoisceachas foréigneach ar líne agus as líne mar thoradh air, go háirithe trína gcláir coisc agus a gcláir dí-radacaithe a leathnú chuig na réimsí uile nach amhlaidh an cás iontu go fóill.
66. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart leanúint d'aird ar leith a thabhairt i ndáil leis sin ar fhillithe ó limistéir choinbhleachta, agus ar phríosúin agus ar phríosúnaigh a scaoiltear saor.

⁹ 12893/20

67. MOLANN SÍ do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar na daoine a mheas na Ballstáit a bheith ina mbagairt sceimhlitheoireachta nó ina mbagairt antoisceach fhoréigneach, agus CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór a áirithiú san Eoraip gan teorainneacha inmheánacha go ndéanfar faisnéis a roinnt go hiontaofa agus go tapa nuair a thaistealaíonn na daoine sin nó nuair a nascann siad le daoine aonair nó le líonraí i mBallstáit eile, laistigh de na creataí rialála náisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana.
68. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, seachas catagóir shonrach na dtrodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta, nach bhfuil aon chaighdeán ná critéir chomhchoiteanna ann go dtí seo lena mbunaítear cé acu de na daoine sin ba cheart a chur isteach i mbunachair sonraí agus i gcórais faisnéise Eorpacha. Cé go bhfuil creat dlíthiúil ann faoinar féidir faisnéis a chur isteach sna bunachair sonraí sin, ní ráthaítear leis sin go fóill gur féidir teacht ar dhaoine a bhfuil ar a laghad measúnú déanta ag na Ballstáit orthu ó thaobh bagairt thromchúiseach sceimhlitheoireachta nó antoisceach fhoréigneach a bheith ag baint leo. Dá bhrí sin, MEASANN an Chomhairle É A BHEITH TÁBHACHTACH, i bprionsabal, daoine atá measta ag Ballstáit aonair a bheith ina mbagairt thromchúiseach sceimhlitheoireachta nó antoisceach fhoréigneach a iontráil sna bunachair sonraí agus sna córais faisnéise Eorpacha ábhartha, ach amháin má éilítear a mhalairt mar gheall ar bhuarthaí dlí nó oibríochtúla. CUIREANN SÍ I dTREIS go n-urramaítear cearta bunúsacha agus go ndéantar sonraí pearsanta a chosaint go hiomchuí sa chomhthéacs sin.
69. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil aghaidh á tabhairt faoi láthair ag an meitheal atá freagrach ar an ngá atá le malartú faisnéise maidir le daoine a mheastar a bheith ina mbagairt sceimhlitheoireachta nó antoisceach fhoréigneach; IS DÍOL SÁSAIMH DI, i ndáil leis an méid sin, tuilleadh oibre chun comhthuiscint a fháil ar cé na daoine atá measta ag na Ballstáit aonair a bheith ina mbagairt sceimhlitheoireachta nó antoisceach fhoréigneach gan cur isteach ar an reachtaíocht náisiúnta éagsúil i ndáil leis sin, agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó Europol, páirt a ghlacadh in idirphlé straitéiseach leanúnach maidir leis an tsaincheist sin.
70. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur bagairt don tslándáil san Eoraip é an t-antoisceachas foréigneach a bheith ag dul i méid. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcothaíonn na meáin shóisialta scaipeadh na hidé-eolaíochta antoiscí foréigní, agus go gcuidíonn siad leis an radacú. Tá gné idirnáisiúnta mhéadaithe ag baint leis an antoisceachas foréigneach agus ní mór dul i ngleic leis na naisc idirnáisiúnta agus trasteorann idir grúpaí antoisceacha foréigneacha tríd an idirlíon.

71. IARRANN SÍ ar na Ballstáit leanúint de dhea-chleachtais a fhorbairt agus a roinnt maidir le cosc, brath agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh agus na sceimhlitheoireachta a neartú, agus aghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair antoiscigh fhoréignigh ar líne agus as líne, lena n-áirítear trí chomhar le tríú tíortha tábhachtacha.
-

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LE FEABHAS A CHUR AR AN gCOMHAR TRASTEORANN I
bhFORFHEIDHMIÚ AN DLÍ

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. Á AITHINT DI an ról bunúsach a bhaineann le comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí a fheabhsú a thuilleadh maidir leis an sprioc chomhroinnte a chur chun cinn, is é sin an limistéar saoirse, slándála agus ceartais a neartú, mar go léirítear i mbagairtí atá ag teacht chun cinn go bhfuil gá le tuilleadh sineirgí agus comhar níos dlúithe ar gach leibhéal chun freagairt éifeachtach chomhordaithe ó na húdaráis inniúla a áirithiú,
2. AG FÉACHAINT don Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen (CISA) a chur chun feidhme, do Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, do Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB agus do Chinneadh 2008/617/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le feabhas a chur ar chomhar idir aonaid speisialta idirghabhála Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i ngéarchéimeanna (cinntí Prüm), agus d'ionstraimí forfheidhmithe eile dlí an Aontais agus conarthaí comhair póilíneachta déthaobhacha agus iltaobhacha idir na Ballstáit,

3. AG TÓGÁIL AR thosaíochtaí straitéiseacha agus ar phrionsabail threoracha an chomhair trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí i gClár Oibre Straitéiseach an Aontais do 2019-2024 maidir le feabhas a chur ar chomhar agus comhroinnt faisnéise chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac¹⁰, Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála¹¹, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis athnuaite slándála inmheánaí don Aontas Eorpach (ISS) 2015-2020¹², agus an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2014 maidir le Straitéis Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 a Athnuachan¹³, mar léiriú ar chlár oibre comhroinnte don Chomhairle, don Choimisiún agus do Pharlaimint na hEorpa, agus na conclúidí ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe de phóilíneacht choisctheach na hEorpa an 6 Meitheamh 2019¹⁴,
4. Á THABHAIRT DÁ hAIRE doiciméid neamhcheangailteacha de chuid na Comhairle amhail dea-chleachtais (Catalóg Schengen¹⁵) agus treoirlínte (Treoirlínte an Phointe Teagmhála Aonair (SPOC)¹⁶, Treoirlínte an Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim (PCCC)¹⁷, lámhleabhair maidir le malartú faisnéise i bhforfheidhmiú an dlí¹⁸ agus maidir le hoibríochtaí trasteorann¹⁹) agus na torthaí as Meastóireachtaí Schengen,
5. Á THABHAIRT DÁ hAIRE an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Nua an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála 2021-2025²⁰, agus béim á leagan aici ar *‘an leibhéal comhair a d’fhéadfaí a fheabhsú fós trí na hionstraimí atá ar fáil a chuíchóiriú agus a uasghrádú’* agus *‘féachfaidh an Coimisiún ar an gcaoi a bhféadfadh Cód um Chomhar Póilíneachta tacú leis sin’*, agus an Measúnú ar Thionchar Tionscanta ar thionscnamh Chód an Aontais um Chomhar Póilíneachta (PCC), a d’fhoilsigh an Coimisiún an 28 Meán Fómhair 2020²¹,

¹⁰ EUCO 9/19

¹¹ COM(2020) 605 final

¹² 15670/14

¹³ 2014/2918

¹⁴ 10062/19

¹⁵ 15785/3/10.

¹⁶ 10492/14.

¹⁷ PCCC: An Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim (9105/11).

¹⁸ 6727/18.

¹⁹ 10505/09.

²⁰ COM(2020) 605 final, lch. 22

²¹ Tag. Ares(2020)5077685

6. CUIREANN SÍ I bhFÍOS GO LÁIDIR an ábharthacht agus an breisluach foluiteach de Thimthriall Beartais an Aontais / EMPACT²², atá luaite freisin i Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála 2021-2025, lena mbaineann údaráis inniúla forfheidhmithe dlí na mBallstát, institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus lena bhfeabhsaítear comhar trasteorann sa chomhrac i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí,
7. Á AITHINT DI an ról tábhachtach atá ag Europol, mar mhol faisnéise coiriúla an Aontais, maidir le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus dá n-údaráis inniúla in oibríochtaí agus in imscrúduithe agus maidir leis an gcomhar a chur chun cinn,
8. AGUS AIRD Á TABHAIRT AICI ar rannchuidiú Frontex le slándáil inmheánach an Aontais a chosaint, trí bhearta maidir le bainistiú comhtháite na dteorainneacha ag teorainneacha seachtracha an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne na coireachta trasteorann agus na sceimhlitheoireachta ag teorainneacha seachtracha an Aontais,
9. ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá freagracht aonair na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 4(2) CAE, agus a gcuid gníomhaíochtaí sa réimse sin agus IS MÓR AICI an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ag na Ballstáit maidir leis an gcomhar oibríochtúil idir údaráis forfheidhmithe dlí a fheabhsú ar bhonn leanúnach,
10. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI go bhfuil ár ngníomhaíochtaí uile i gcomhréir go hiomlán le cearta agus saoirsí bunúsacha agus Á MHEABHRÚ DI a thábhachtaí atá sé prionsabal na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm,

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN MÉID A LEANAS:

11. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí bunaithe ar phrionsabal na ceannasachta náisiúnta, lena mbunaítear saincheart eisiach ag na Ballstáit gníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí a dhéanamh laistigh dá gcríocha náisiúnta,

²² Conclúidí ón gComhairle a leagtar amach in 7704/17.

12. CUIREANN SÍ I dTREIS go n-éilíonn limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais comhar éifeachtúil, dleathach i bhforfheidhmiú an dlí, bunaithe ar iontaobh fhrithpháirteach, agus é ag déileáil leis an gchoireacht trasteorann agus eagraithe, leis an antoisceachas foréigneach, leis an sceimhlitheoireacht agus leis an imirce neamhdhleathach,
13. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur léirigh paidéim COVID-19 agus an aidhm choiteann maidir le leathadh an ionfhabhtaithe a chosc nach mór comhar trasteorann níos dlúithe lena n-áirítear i réimse fhorfheidhmiú an dlí feadh na dteorainneacha inmheánacha comhroinnte,
14. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá leis na sásraí um chomhar i bhforfheidhmiú an dlí a oiriúnú i ngeall ar fheiniméin nua choiriúla atá ag teacht chun cinn agus i bhforbairt na n-uirlisí teicneolaíochta atá ar fáil d'údarais forfheidhmithe dlí agus do chiontóirí araon,
15. MEASANN SÍ gur bonn é an creat ilsrathach don chomhar i bhforfheidhmiú an dlí mar theaghlaim leordhóthanach de réitigh chomhbheartaithe ar dhúshláin chomhchoiteanna, agus cineálacha éagsúla comhair curtha in oiriúint do riachtanais shonracha,
16. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá an comhar trasteorann a ailíniú níos fearr le cuspóirí thimthriall beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach i gcás inarb ábhartha,
17. MEABHRAÍTEAR DI gur cheart, le feabhsuithe ar na hionstraimí reatha, cothromaíocht leordhóthanach a bhaint amach idir na forálacha comhdhlúite ar fud an Aontais, agus gur cheart go mbeifí in ann cineálacha comhair atá saincheaptha agus ar mhionscála a cheadú, lena léireofaí cúinsí réigiúnacha agus áitiúla agus lena gcuirfí san áireamh difríochtaí i gcórais dlí agus i gceanglais réigiúnacha, oibríochtúla agus eagraíochtúla, agus cearta bunúsacha á n-urramú ag an am céanna agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á gcur san áireamh,
18. CUIREANN SÍ I dTREIS gur fearr feabhas a chur ar ionstraimí atá ar fáil cheana féin, seachas cineálacha nua comhair a chruthú, agus MEABHRAÍTEAR DI, DÁ BHRÍ SIN, an gá atá le cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach na n-ionstraimí atá ann cheana,

19. TUGANN SÍ FAOI DEARA neamhréireachtaí atá ag dul i méid idir an Coinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus cinntí Prüm ar thaobh amháin, agus an cleachtas atá ag teacht chun cinn go dinimiciúil atá bunaithe ar chonarthaí déthaobhacha, tríthaobhacha, agus ilthaobhacha agus na ceanglais phraiticiúla a bhaineann le hobair chomhaimseartha um fhorfheidhmiú an dlí ar an taobh eile, as a n-eascaíonn éiginnteacht maidir le hinfheidhmeacht agus raon feidhme na gcineálacha comhair atá ann cheana i gcásanna áirithe,
20. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé cur ar chumas (...) oifigigh forfheidhmithe dlí gníomhú go héifeachtach le comhar trasteorann, go háirithe trí chumhachtaí cothromaithe agus comhaontaithe go frithpháirteach a thabhairt do na fórsaí póilíneachta faoi seach in imthosca áirithe atá sainithe go maith, agus cearta bunúsacha agus prionsabal na ceannasachta náisiúnta á n-urramú, go háirithe ról ceannasach agus cinnteoireachta an stáit óstaigh,
21. TUIGEANN SÍ an tionchar atá ag Lárionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim (PCCCanna) agus/nó ag Pointí Teagmhála Aonair (SPOCanna), tar éis a dteacht chun cinn mar dhea-chleachtais lena n-éascaítear agus lena gcuirtear dlús leis an gcomhar i bhforfheidhmiú an dlí, go háirithe maidir le malartú faisnéise, agus MOLANN SÍ PCCCanna a fheabhsú a thuilleadh i gcomhréir le riachtanais réigiúnacha, mar shampla tríd an úsáid fhorleathan agus chórasach a bhaintear as an bhFeidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA) a chur chun cinn,
22. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá ann meastóireacht a dhéanamh ar na ceanglais dhlíthiúla a bhaineann le hionstraimí comhair trasteorann lena gcumasaítear gníomhaíochtaí amhail faireachas trasteorann agus tóir thrasteorann maidir leis na riachtanais a bhaineann le hobair chomhaimseartha i bhforfheidhmiú an dlí,
23. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról atá ag patróil, aonaid agus oifigí comhpháirteacha, pointí oibríochta comhpháirteacha, laethanta comhghníomhaíochta agus imscrúduithe comhpháirteacha, toisc go gcuireann siad sin go héifeachtach leis an ord poiblí, le cosc na coireachta agus leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta a choinneáil, go háirithe i réigiúin teorann, go méadaíonn siad an tuiscint shuibiachtúil ar shlándáil na saoránach, agus go ndéanann siad comhar níos fearr a chothú idir údaráis forfheidhmithe dlí ó Bhallstáit éagsúla chun comhsheirbhísí rialta a chumasú, agus ar an gcaoi sin bonn don iontaoibh fhrithpháirteach a chruthú,

24. CUIREANN SÍ I dTREIS, ag an am céanna, gur gá cearta agus saoirsí na saoránach mar a chumhdaítear iad sa chreat dlíthiúil atá ann cheana agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha a urramú agus lánéifeacht a thabhairt dóibh, á aithint di go bhfuil muinín an phobail as údaráis fhorfheidhmithe dlí bunriachtanach chun tuiscint shuibhiachtúil na saoránach ar shlándáil a choinneáil,
25. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról atá ag idirghníomhaíocht leanúnach agus malartú leordhóthanach faisnéise, chomh maith le hoiliúint chomhpháirteach leanúnach, obair i ngrúpaí saineolaithe comhpháirteacha, seimineáir, ceardlanna agus cláir mhalartaithe ar leibhéal éagsúla, go háirithe le tacaíocht ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), lena ndírítear ar thuiscint chomhroinnte a bhaint amach ar fhorfheidhmiú an dlí san Eoraip.

agus dá bhrí sin, IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT:

26. gach beart riachtanach a dhéanamh chun an comhar oibríochtúil trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí a neartú a thuilleadh trí na hionstraimí atá ann cheana a chur chun feidhme go héifeachtach agus, i gcás inarb iomchuí agus inar gá, trí na bunúis dlí a chomhdhlúthú, a shimpliú agus a shíneadh, lena n-áirítear:

Patróil, aonaid, oifigí agus pointí oibríochta comhpháirteacha: chun úsáid na n-ionstraimí sin a mhéadú a thuilleadh agus éifeachtacht agus cost-éifeachtúlacht na n-ionstraimí sin a áirithiú, maidir le patróil chomhpháirteacha, mar shampla, bunaithe ar shamhail de 1:1 (oifigeach póilíneachta amháin ó gach Ballstát lena mbaineann), ag brath ar an gcúram:

- sa chomhthéacs sin, soiléiriú a dhéanamh agus, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le riachtanais réigiúnacha agus le prionsabal na ceannasachta náisiúnta, na córais dlí atá ann cheana agus ról cinntitheach an stáit óstaigh, a leathnú, in imthosca áirithe atá sainithe go soiléir, leithdháileadh cumhachtaí feidhmiúcháin arna gcomhaontú agus arna gcothromú go frithpháirteach maidir le hoifigigh eachtracha a oibríonn lasmuigh de chríoch a stáit baile i gcomhlíonadh a ndualgas;
- feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as imscrúduithe trasteorann agus comhpháirteacha, agus na nósanna imeachta maidir le bunú Foirne Comhpháirteacha Imscrúdaithe (JITanna) a shimpliú, mar shampla trí uirlisí praiticiúla go príomha, lena n-áirítear meastóireacht i dtaobh an gá samhail-chomhaontuithe atá ann cheana a nuashonrú agus obair líonra JIT a neartú agus ról a thabhairt do shaineolaithe JIT maidir le comhaontuithe JIT a chaibidlíú go tapa;

Faireachas trasteorann: na ceanglais dhlíthiúla maidir leis an bhfaireachas sin a shoiléiriú agus féachaint lena simpliú, ag seasamh le prionsabal na ceannasachta náisiúnta, leis na caighdeáin atá ann cheana maidir le cearta bunúsacha a chosaint, leis na córais dlí atá ann cheana sna Ballstáit agus le ról cinntitheach an stáit óstaigh, measúnú a dhéanamh ar chaighdeánú na mbeart a fhéadfar a fhormheas agus ar na modhanna teicniúla a fhéadfar a chur in úsáid, e.g. ladrainn agus feistí logánaithe, agus na nósanna imeachta údarúcháin a fheabhsú, lena n-áirítear tríd an idirdhealú idir faireachas práinneach agus neamhphráinneach a athshainiú, síneadh a chur leis an tráthchlár a cheanglaítear chun údarú a fháil le haghaidh faireachas práinneach mar is iomchuí, agus féachaint, i gcás inar gá agus inar comhréireach faoi choinníollacha dochta agus gan dochar do na hionstraimí atá ann cheana féin, lena n-áirítear comhaontuithe maidir le cúnamh frithpháirteach dlíthiúil i gcás inarb infheidhme, lena chumasú faireachas a sheoladh i gcríoch tíre eile roimh dó leanúint ar aghaidh i dtír dhúchais na n-oifigeach atá rannpháirteach,

Tóireacha trasteorann: ag seasamh le prionsabal na ceannasachta náisiúnta, leis na caighdeáin atá ann cheana maidir le cearta bunúsacha a chosaint, leis na córais dlí atá sna Ballstáit cheana agus le ról cinntitheach an stáit óstaigh, na stádais dhlíthiúla a shoiléiriú le haghaidh tóireacha trasteorann²³, na ceanglais dhlíthiúla a chur in oiriúint do riachtanais na gcleachtóirí trí leathnú a dhéanamh, b'fhéidir, ar an raon feidhme le haghaidh na dtóireacha trasteorann agus ar inniúlachtaí na n-oifigeach a bhíonn ag oibriú thar theorainneacha freisin, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar chomhroinnt sonraí logánaithe, lena gcumasófaí tóireacha trasteorann aon uair a dhéanfadh duine iarracht éalú ó nósanna imeachta maidir le forfheidhmiú an dlí agus lena bhféadfaí tóireacha trasteorann a dhéanamh de thalamh, d'aer, ar muir agus trí uiscebhealaí;

Pointí Teagmhála Aonair (SPOCanna) agus/nó Lárionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim (PCCCanna): i gcás inarb ábhartha, na PCCCanna agus/nó na SPOCanna atá ann cheana agus/nó SPOCanna agus/nó a réimsí inniúlachta (...) agus (...) struchtúir bhreise den chineál sin a neartú ar bhealaí éagsúla teicniúla agus oibríochtúla;

Pleanáil oibríochtúil chomhpháirteach agus cleachtaí oibríochtúla comhpháirteacha: na hiarrachtaí chun dul ar iontaobh an chomhair trasteorann a mhéadú, go háirithe i gcás ollchruinnithe, tubaistí agus timpistí tromchúiseacha;

²³ E.g. sainmhíniú coiteann ar 'gabháil' agus 'coinneáil' - féach Airteagal 41 CISA

Aonaid speisialta idirghabhála: an comhar trasteorann idir na struchtúir sin i mBallstáit an Aontais agus i dtíortha comhlachaithe a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear a n-inniúlachtaí agus an soiléiriú maidir le saincheist an dliteanais le linn gníomhaíochtaí trasteorann ar bhonn Chinneadh 2008/617/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008, tuilleadh tacaíochta a thabhairt do bhunú ionad oiliúna coiteann / ionad barr feabhais, na ceanglais dhlíthiúla a chur in oiriúint le go bhféadfar iompar agus idirthuras trasteorann pléascán, armlóin agus ábhar comhraic de chuid aonad speisialta idirghabhála a dhéanamh le haghaidh oiliúint chomhchoiteann agus oibríochtaí comhchoiteanna, tacú le comhthiomsú agus le comhroinnt ábhar sonrach i measc na mBallstát ar mian leo an deis sin a thapú, freagairt ar iarrataí ar chúnamh teicniúil ó Bhallstáit eile agus ról Oifig Tacaíochta Atlas ag Europol a neartú mar Phointe Teagmhála Aonair (SPOC) le haghaidh aonad speisialta idirghabhála, mar shampla a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí ATLAS a riar agus a chomhordú;

Comhar Póilíneachta agus Custaim: dlúthchomhar agus malartú faisnéise spriocdhírithe a áirithiú nuair is indéanta go dleathach, go háirithe i gcreat Thimthriall Beartais an Aontais / EMPACT agus i réigiúin teorann.

27. na meáin le haghaidh malartú faisnéise agus cumarsáid dhíreach rialta nó ar bhonn *ad hoc* a fheabhsú go gasta, lena n-áirítear struchtúir choiteanna amhail ardáin inlín, córais rialaithe oibriúcháin nó líonraí cumarsáide raidió;
28. dlúthchomhar, dlúthchomhordú agus dlúthchumarsáid a dhéanamh tráth na géarchéime, amhail le linn phaindéim COVID 19, ar an leibhéal oibríochtúil agus straitéiseach, go háirithe le húdaráis forfheidhmithe dlí na dtíortha comharsanacha, mar shampla trí struchtúir atá bunaithe nó struchtúir *ad hoc* a úsáid;
29. feasacht a ardú i measc údaráis forfheidhmithe dlí faoi na huirlisí atá ann cheana agus a n-ullmhacht obair i gcomhar le chéile thar theorainneacha a mhéadú, agus leas iomlán a bhaint as na foinsí eolais atá ar fáil amhail an Lámhleabhar maidir le hoibríochtaí trasteorann a tugadh cothrom le dáta le déanaí agus na bileoga náisiúnta eolais a ghabhann leis;

30. a áirithiú go mbeidh faisnéis ar fáil níos éasca, e.g. trí aipeanna gréasáin a thabhairt isteach lena gcuirfí oifigigh forfheidhmithe dlí aonair ar an eolas faoi na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí trasteorann i réimsí ar leith, aipeanna a bheadh comhoiriúnach go hidéalach le bealaí faisnéise an Aontais, agus trí úsáid foirmeacha caighdeánaithe a mhéadú;
31. struchtúir a neartú a thuilleadh le haghaidh malartuithe idir rialta agus *ad hoc*, lena n-áirítear cruinnithe fíorúla slána agus cruinnithe fisiciúla, obair choiste, ceardlanna agus cláir mhalartaithe, mar aon le cúrsaí oiliúna agus seimineáir chomhpháirteacha chun scileanna praiticiúla don chomhar oibríochtúil a fheabhsú, lena n-áirítear eolas teanga agus eolas dlíthiúil;
32. leanúint den mhalartú maidir le dea-chleachtais agus de na dea-chleachtais sin a chur chun feidhme mar uirlis luachmhar chun feabhas a chur ar an gcomhar;
33. leanúint de chultúr Eorpach coiteann a fhorbairt d'údaráis forfheidhmithe dlí agus, ag brath ar an gcomhlíonadh oibríochtúil agus oideolaíoch a bhreathnófar, sásra náisiúnta a bhunú (de réir a chéile) chun eolas a gheofar i mBallstáit eile a aithint, nó fiú amháin caighdeán coiteann a bhunú, as a n-eascróidh deimhniú Eorpach.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

34. mar chéad chéim, measúnú cuimsitheach a dhéanamh i gcomhar leis na Ballstáit ar na conclúidí a bhainfidh sé as meastóireachtaí agus as acmhainní faisnéise eile maidir le comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí,
35. agus measúnú á dhéanamh aige ar roghanna i ndáil le togra le haghaidh Cód maidir le Comhar Póilíneachta Eorpach agus ag seasamh le prionsabal na ceannasachta náisiúnta, leis na caighdeáin atá ann cheana maidir le cearta bunúsacha a chosaint, leis na córais dlí atá sna Ballstáit cheana agus le ról cinntitheach an stáit óstaigh, an luach agus an rath a bhaineann le comhar áitiúil, réigiúnach, déthaobhach agus ilthaobhach i bhforfheidhmiú an dlí idir na Ballstáit, go háirithe sna réigiúin a bhfuil teorainneacha inmheánacha comhroinnte acu, agus breisluach na reachtaíochta Eorpaí i bhfianaise phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur san áireamh mar is cuí,

36. féachaint le creat dlíthiúil an Aontais a chomhdhlúthú chun an comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí a neartú a thuilleadh, agus cosaint sonraí agus cearta bunúsacha á ráthú ag an am céanna, féachaint le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais oibríochtúla atá ann faoi láthair, agus athbhreithniú á dhéanamh go háirithe ar na forálacha i dTeideal III, Caibidil I (Comhar Póilíneachta) de chuid CISA, Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle, agus Cinntí 2008/615/CGB, 2008/616/CGB (Cinneadh Prüm) agus 2008/617/CGB²⁴ ón gComhairle go háirithe maidir le tóireacha trasteorann agus faireachas trasteorann, ar cheart dóibh a bheith lánfheidhmiúil ar fud na hEorpa, agus an deis atá ag na Ballstáit mionsonraí an chomhair sin a mhionléiriú agus foráil a dhéanamh do chomhar níos dlúithe fós ar bhonn déthaobhach, mar a luaitear thuas, á hurramú,
37. ag seasamh le prionsabail na ceannasachta náisiúnta agus na comhréireachta, leis na caighdeáin atá ann cheana maidir le cearta bunúsacha a chosaint, leis na córais dlí atá sna Ballstáit cheana agus le ról cinntitheach an stáit óstaigh, measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le coigeartuithe ar an gcreat dlíthiúil nó ar threoirlinnte coiteanna le haghaidh comhar i gcásanna géarchéime, e.g. géarchéimeanna paidéime, mar aon le maidir le teicneolaíochtaí nua a mbíonn tionchar acu ar an gcomhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí,
38. dlús a chur le tacaíocht d'fhoirmeacha réigiúnacha feabhsaithe (struchtúir) comhair, amhail PCCCanna, stáisiúin póilíní chomhpháirteacha agus seisiúin oiliúna chomhpháirteacha, agus comhar éifeachtach eatarthu siúd agus SPOCanna á áirithiú,
39. cuidiú le feabhas a chur ar an gcomhar i bhforfheidhmiú an dlí trí thacú le forbairt ar mhalartú rianúil gasta faisnéise; struchtúir agus ardáin ábhartha a fhorbairt a thuilleadh; oiliúint, cleachtaí, seimineáir agus ceardlanna comhpháirteacha; bacainní teicniúla agus teanga a laghdú, lámhleabhair agus catalóga oibre nuashonraithe a chur le chéile lena sonraítear na ceanglais, na hinniúlachtaí agus na nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme, mar aon le hoiliúint dlí níos déine,

²⁴ Mar aon le hionstraimí eile um fhorfheidhmiú an dlí/chomhar breithiúnach, i gcás inarb ábhartha

IARRANN SÍ AR EUROPOL AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

40. leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit sna hiarrachtaí a dhéanann siad faisnéis ardháilíochta a chur ar fáil do Europol agus soláthar céimneach SIENA dá n-údaráis inniúla náisiúnta a fheabhsú a thuilleadh,
41. féachaint, in éineacht le geallsealbhóirí eile agus grúpaí ábhartha saineolaithe, an bhféadfaí réitigh mhóibíleacha a chur chun cinn (nó na réitigh atá ann cheana a idirnascadh), chun cumarsáid ghasta shlán a chumasú idir oifigigh allamuigh agus imscrúdaitheoirí.

IARRANN SÍ AR CEPOL AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

42. leanúint de chúnamh a thabhairt do na Ballstáit san oiliúint i bhforfheidhmiú an dlí chun acmhainneachtaí na n-oifigeach a fheabhsú, go háirithe eolas ar chúrsaí dlí, maidir le comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí.

IARRANN SÍ AR FRONTEX AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

43. tacú, laistigh dá shainordú, le húdaráis forfheidhmithe dlí Bhallstáit an Aontais agus de chuid tíortha atá comhlachaithe le Schengen na teorainneacha seachtracha a bhainistiú chun ardleibhéal slándála a chur ar fáil do na saoránaigh uile den Aontas.
